# An Raibh tú ag an gCarraig

An raibh tú ag an gCarraig, nó a' bhfaca tú féin mo ghrá
A' bhfaca tú gile nó finne nó scéimh na mná?
A' bhfaca tú an t-úll is cumhra 'sba mhílse bláth?
Nó an bhfaca tú mo Valentine , nó an bhfuil sí dá chloígh mar atáim.

Bhí mé ag an gcarraig, is chonaic mé féin do ghrá.
Chonaic mé gile is finne is scéimh na mná
Is a chonaic me an t-úll, ba chumhra 'sba mhílse bláth.
Is chonaic mé do Valentine, is níl sí dá chloígh mar atáim.

Is fiú cúig ghiní ríbe dá gruaig mar an ór,
Agus is fiú a chéad oiread do chuideachta dhá uair gach ló;
A cúilín trom triopallach ag titim go sála bróg-
Faoi thuairim sláinte an bhruinnill is níor mhiste liom do shláinte ól.

Is siúd í thíos í, an rí-bhean álainn óg,
Go bhfuil a gruaig léithe síos go híochtar béal a bróg;
Is í an eala ar an dtoinn í a shíolraigh ón ardfhuil mhór;
O! a charaid gheal mo chroí thú agus céad mile fáilte romhat.